**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, i gcás go ndéanann sé idiragairt, costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Chiquita Brands v EUIPO – Jara 2000 (“CHIQUITA QUEEN”)**

**(Cás T-79/23)**

(2023/C 121/20)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Chiquita Brands LLC (Fort Lauderdale, Florida, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: R. Dissmann agus L. Jones, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Jara 2000, SL (Murcia, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “CHIQUITA QUEEN” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 075 274

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc EUIPO an 13 Nollaig 2022 i gCás R 1811/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear costais an achomharcóra arna dtabhú sna himeachtaí os comhair EUIPO.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Nextrend v EUIPO – Xiamen Axent Corporation agus Axent Switzerland (Aonaid leithreas (cuid de -))**

**(Cás T-82/23)**

(2023/C 121/21)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Nextrend GmbH (Flörsheim am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Weiland agus C. Corbet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Xiamen Axent Corporation Ltd (Haicang, an tSín), Axent Switzerland AG (Rapperswil-Jona, an Eilvéis)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an dearaidh faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearadh an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 769 299-0001

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 7 Nollaig 2022 i gCás R 1604/2021-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a dhearbhú go bhfuil an dearadh atá faoi cheist neamhbhailí;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 63(2) i gcomhar le hAirteagal 53(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 25(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 20 Feabhra 2023 – Biogena v EUIPO (THE GOOD GUMS)**

**(Cás T-87/23)**

(2023/C 121/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Biogena GmbH & Co. KG (Salzburg, an Ostair) (ionadaí: I. Schiffer, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le marc fíortha THE GOOD GUMS – Clárú idirnáisiúnta Uimh. 1 632 678 lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach.

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Nollaig 2022 i gCás R 1690/2022-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a dheonú do chlárú an chláraithe idirnáisiúnta Uimh. 1 632 678 le haghaidh aon earraí iarrtha;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.